**MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH**

**an 24 Aibreán 2026**

**lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin**

**(BERS/2026/2)**

(C/2026/3215)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ([2]), agus go háirithe Airteagail 3, agus 16 go 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ([3]), agus go háirithe Teideal VII, Caibidil 4, Roinn I de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([4]), agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhalartacht dheonach.

(2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhalartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([5]) a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhalartú sna Ballstáit eile.

(3) An 20 Márta 2026, thug Údarás Margaidh Airgeadais na hOstaire, ag gníomhú dó mar an t-údarás ainmnithe chun críocha Airteagal 133(9) de Threoir 2013/36/AE, fógra don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go raibh sé ar intinn aige leibhéal an Mhaoláin Riosca Sistéamach earnála (sectoral systemic risk buffer, sSyRB) atá ann cheana a athrú le haghaidh gach neamhchosanta ábhartha ar chorparáidí neamhairgeadais san earnáil tógála agus réadmhaoine atá lonnaithe san Ostair, neamhchosaintí a sainaithníodh ar bhonn aicmiú staidrimh a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), cé is moite de chomhlachais tithíochta brabúis theoranta. Cuirfear an beart chun feidhme in dhá chéim, méadú tosaigh ar ráta sSyRB 2 % de na risíochtaí ábhartha atá ualaithe ó thaobh riosca de, le héifeacht ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027, agus méadú ina dhiaidh sin go ráta 3,5 % ón 1 Iúil 2027.

([1]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([2]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj.
([3]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj.
([4]) IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.
([5]) Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus cómhalartacht dheonach na mbeart sin (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).
([6]) Rialachán (CE) Uimh 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe ar réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

(4) Leis an bhfógra ó ÚMA, iarradh ar BERS freisin a mholadh go ndéanfaí cómhalartú ar an ráta sSyRB ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE, i gcomhréir leis na leibhéil cur i bhfeidhm san Ostair.

(5) Moltar le Moladh BERS/2015/2 gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhachtaíonn beart beartais macrastuamachta, nuair a bhíonn iarraidh ar chómhalartú á cur faoi bhráid BERS aige, uastairseach ábharthachta a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas gur neamhchosaint neamhábhartha í neamhchosaint an tsoláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta — sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtúcháin an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin. Tá an tairseach ábharthachta institiúidsonrach maidir le cómhalartú an sSyRB socraithe ag EUR 100 milliún agus ba cheart í a bheith infheidhme ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.

(6) Le cómhalartú na gceanglas caipitil macrastuamachta arna ngníomhachtú ag údaráis Ballstát eile, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, beag beann ar na neamhchosaintí lena mbaineann a bheith á sealbhú trí fhochuideachtaí nó trí bhrainsí, nó a bheith mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann, cuirtear teorainn le sceitheadh agus arbatráiste rialála, téitear i ngleic le rioscaí sistéamacha agus, ar an gcaoi sin, cuirtear éifeachtacht fhoriomlán an bheartais macrastuamachta chun cinn. Baintear é sin amach trína áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí méadaithe, ní hamháin sa Bhallstát a thug sSyRB isteach ach freisin i mBallstáit eile ina bhfuil grúpaí baincéireachta neamhchosanta ar na rioscaí méadaithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an aitheantas freisin a áirithiú go mbeidh grúpaí baincéireachta atá neamhchosanta ar na rioscaí sistéamacha sin athléimneach go leor. Dá bhrí sin, maidir le ceanglais chaipitil mhacrastuamachta a eascraíonn as cinneadh aitheantas a thabhairt do bhearta macrastuamachta Ballstát eile, ba cheart iad a chur i bhfeidhm go ginearálta ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite, agus aonair.

(7) Chun aitheantas a thabhairt do ráta sSyRB na hOstaire mar a d'iarr FMA, féadfaidh údaráis inniúla agus/nó údaráis ainmnithe ábhartha Ballstáit eile ráta sSyRB a shocrú i gcomhréir le hAirteagail 133(4) agus 134(1) de Threoir 2013/36/AE.

(8) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

**LEASUITHE**

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 mar seo a leanas:

1. i Roinn 1, fomholadh C(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin Ostair:

'— maolán um riosca sistéamach earnálach 1 % maidir le gach neamhchosaint ábhartha ar chorparáidí neamhairgeadais ó na hearnálacha tógála agus réadmhaoine atá lonnaithe san Ostair, a shainaithnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), cé is moite de neamhchosaintí ar chomhlachais tithíochta brabúis theoranta, is infheidhme go dtí an 30 Meitheamh 2026;

— maolán um riosca sistéamach earnálach 2 % maidir le gach neamhchosaint ábhartha ar chorparáidí neamhairgeadais ó na hearnálacha tógála agus réadmhaoine atá lonnaithe san Ostair, a shainaithnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, cé is moite de neamhchosaintí ar chomhlachais tithíochta brabúis theoranta, is infheidhme ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027;

— maolán um riosca sistéamach earnálach 3,5 % maidir le gach neamhchosaint ábhartha uile ar chorparáidí neamhairgeadais ó na hearnálacha tógála agus réadmhaoine atá lonnaithe san Ostair, a shainaithnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, cé is moite de neamhchosaintí ar chomhlachais tithíochta brabúis theoranta, is infheidhme ón 1 Iúil 2027.'

(*) Rialachán (CE) Uimh 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).;

2. leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 24 Aibreán 2026.

*Ceann Rúnaíocht BERS,*
*Ar son Bhord Ginearálta BERS*
Francesco MAZZAFERRO

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh BERS/2015/2 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin Ostair:

'— **maolán um riosca sistéamach earnálach 1 % maidir le gach neamhchosaint ábhartha ar chorparáidí neamhairgeadais ó na hearnálacha tógála agus réadmhaoine atá lonnaithe san Ostair, a shainaithnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, cé is moite de neamhchosaintí ar chomhlachais tithíochta brabúis theoranta, is infheidhme ón 30 Meitheamh 2026;**

— **maolán um riosca sistéamach earnálach 2 % maidir le gach neamhchosaint ábhartha ar chorparáidí neamhairgeadais ó na hearnálacha tógála agus réadmhaoine atá lonnaithe san Ostair, a shainaithnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, cé is moite de neamhchosaintí ar chomhlachais tithíochta brabúis theoranta, is infheidhme ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027;**

— **maolán um riosca sistéamach earnálach 3,5 % maidir le gach neamhchosaint ábhartha uile ar chorparáidí neamhairgeadais ó na hearnálacha tógála agus réadmhaoine atá lonnaithe san Ostair, a shainaithnítear i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, cé is moite de neamhchosaintí ar chomhlachais tithíochta brabúis theoranta, is infheidhme ón 1 Iúil 2027.**';

(2) faoin Ostair, sa roinn dar teideal 'I. Tuairisc ar an mbeart', cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Le beart na hOstaire, a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, forchuirtear ráta maolánach um riosca sistéamach earnálach 3,5 % — faoi réir amlíne céimnithe isteach de réir a chéile mar a leagtar amach i Roinn 1, fomholadh C(1) — maidir le gach neamhchosaint ábhartha ar chorparáidí neamhairgeadais ó na hearnálacha tógála agus eastáit réadaigh atá lonnaithe san Ostair, arna sainaithint i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE), a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006, cé is moite de chomhlachais tithíochta brabúis theoranta.';

(3) faoin Ostair, sa roinn dar teideal 'II. Comhalartú', cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Moltar d'údaráis ábhartha beart na hOstaire a chómhalartú maidir le gach neamhchosaint ábhartha atá lonnaithe san Ostair i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de Threoir 2013/36/AE, ar bhonn comhdhlúite, ar bhonn fo-chomhdhlúite agus ar bhonn aonair. Ba cheart dóibh an beart a chur i bhfeidhm maidir le neamhchosaintí ábhartha uile na gcorparáidí neamhairgeadais atá i mbun na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha seo a leanas: "Tógáil foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe" mar a aicmítear faoi chód NACE F 41, "Gníomhaíochtaí foirgníochta speisialaith" mar a aicmítear faoi chód NACE F 43, agus "Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh" mar a aicmítear faoi chód NACE M 68, cé is moite de neamhchosaintí ar chomhlachais tithíochta brabúis theoranta.

3. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, i gcomhréir le fomholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, beart beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis an mbeart thuas a mholtar maidir le cómhalartacht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta agus cumhachtaí maoirseachta a ghlacadh arna leagan síos i dTeideal VII, Caibidil 2, Cuid IV de Threoir 2013/36/AE. Tá feidhm ag an idirthréimhse chaighdeánach 3-mhí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2026/2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir le bearta cómhalartacha a chur chun feidhme.';

(4) faoin Ostair, sa roinn dar teideal 'III. Tairseach ábharthachta', cuirtear isteach an mhír 6 seo a leanas:

'6. Cé nach bhfuil sonraí ar fáil go díreach i dteimpléid tuairiscithe chomhchuibhithe uile-Aontais chun a chinneadh cé acu a sháraíonn nó nach sáraíonn na neamhchosaintí ábhartha an tairseach ábharthachta (lena n-áirítear neamhchosaintí a bhaineann le réadmhaoin tráchtála mar aon le neamhchosaintí eile laistigh de na cóid NACE chéanna), moltar do na húdaráis, mar chéad luach tagartha, gach neamhchosaint ar chuideachtaí Ostaracha a aicmítear i gcóid NACE F agus M atá ar fáil i dteimpléid tuairiscithe airgeadais chomhchuibhithe a mheas. Má tá an luach sin os cionn na tairsí ábharthachta d'aon institiúid, moltar foinsí sonraí malartacha a úsáid agus/nó teagmháil a dhéanamh leis na hinstitiúidí ag a bhfuil neamhchosaintí os cionn an chéad luacha tagartha, chun a chinneadh ar cheart an beart a chómhalartú'.